

## **Bunreacht na Cuallachta**

### **Airteagal 1**

Ainm ar an gCumann ná “Cuallacht Cholmcille OÉ Má Nuad”

### **Airteagal 2**

Aidhm na Cuallachta ná an Ghaeilge a chur chun cinn in Ollscoil na hÉireann Má Nuad agus a bheith páirteach i ngluaiseacht na Gaeilge i gcoitinne. Tá an Cumann Gaelach ann le freastal ar Ghaeilgeoirí na hOllscoile agus ar phobal Mhá Nuad trí ócáidí agus cruinnithe a eagrú agus a reachtáil go rialta. Feidhmíonn an Cumann faoi choimirce Aontas na Mac Léinn Mhá Nuad agus is craobh de Chonradh na Gaeilge é.

### **Airteagal 3**

Is í an Ghaeilge teanga na Cuallachta agus ní mór d’ócáidí, do chruinnithe agus gnó na Cuallachta a reachtáil trí mheán na Gaeilge.

### **Airteagal 4**

Ba chóir go mbeadh siombail na Cuallachta as Gaeilge amháin.

### **Airteagal 5**

Is cumann neamh polaitiúla í Cuallacht Cholmcille OÉ Má Nuad ach i leith na Gaeilge.

## **Airteagal 6**

Is baill iad gach aon duine a chláraíonn leis an gCuallacht agus a íocann síntiús.

## **Airteagal 7**

Beidh méid an síntiúis roghnaithe ag Aontas na Mac Léinn Mhá Nuad i gcomhar leis an Uachtarán.

## **Airteagal 8**

Tá Rúnaí na Cuallachta i gceannas ar an mballraíocht agus beidh sé/sí freagrach as an gclár ballraíochta.

## **Airteagal 9**

Beidh an tUachtarán i gceannas ar an gCuallacht. Beidh tosach aige/aici ar gach uile dhuine sa Chuallacht.

## **Airteagal 10**

Tóghfar an tUachtarán le rúnballóid ag an Chruinniú Chinn Bhliana.

## **Airteagal 11**

Beidh an tUachtarán i seilbh oifige go ceann bliana ón lá a rachaidh i gcúram a oifige/a hoifige mura dtarlaí roimh dheireadh an téarma sin go n-éireoidh as oifig nó go gcuirtear as oifig é/í.

## **Airteagal 12**

Ní foláir toghchán don Uachtarántacht a dhéanamh lá nach ndéanaí ná dáta dheireadh théarma oifige gach Uachtarán ar leith agus nach luaithe ná triocho lá roimh an dáta sin, ach má chuirtear an tUachtarán as oifig nó má éiríonn sé as, ní foláir toghchán don Uachtarántacht a dhéanamh taobh istigh de fhiche lá tar éis an ní sin a tharlú.

## **Airteagal 13**

Tá gach ball a bhí mar bhall ar feadh, ar a laghad, sé mhí, intofa mar Uachtarán.

## **Airteagal 14**

Ní foláir don Uachtarán dul i gcúram a oifige nó a hoifige ar an gcéad lá de mhí Iúil.

## **Airteagal 15**

Féadfar an tUachtarán a tháinseamh as ucht mí-iompair a luafar. Is gá sínithe scríofa ó aon deichiú de bhallraíocht.

## **Airteagal 16**

Tá cead ag an Uachtarán aon bhall a chur den chumann nó a chur ar fionraí.

## **Airteagal 17: An Coiste**

Beidh coiste ann a chabhróidh leis an Uachtarán spriocanna an bhunreachta seo agus spriocanna na Cuallachta a bhaint amach. Tóghfar Oifigigh na Cuallachta seachas Ionadaí na Chéad Bliana, Ionadaí na Dara Bliana, Ionadaí na Triú Bliana, Ionadaí na scéime, Ionadaí Frobel, Ionadaí CLG, Oifigeach na bhfeachtas, Oifigeach Iar Chéime agus Gnáthbhall coiste le rúnbhallóid ag an Chruinniú Cinn Bhliana.

Seo iad a leanas Oifigí na Cuallachta:

Uachtarán

Leas-Uachtarán/Rúnaí

Cisteoir

Oifigeach Chaidrimh Phoiblí

Oifigeach Slándála

Oifigeach Siamsaíochta

Ionadaí na Chéad Bliana

Ionadaí na Dara Bliana

Ionadaí na Triú Bliana

Ionadaí na scéime

Ionadaí Frobel

Ionadaí CLG

Oifigeach na bhfeachtas

Oifigeach Iar Chéime

Gnáthbhall coiste

### **Airteagal 18**

Beidh Rúnaí ar an gCoiste. Beidh an Rúnaí i gceannas ar bhallraíocht i gceannas ar mhiontuairiscí na Cuallachta a thairfead. In éindí lena freagrachtaí seo, beidh an Rúnaí i gceannas ar chruinnithe an Choiste a eagrú faoi stiúir an Uachtarán.

### **Airteagal 19**

Beidh Cisteoir ar an gCoiste. Coimeádfaidh an Cisteoir cuntais airgid an Chumainn, faoi stiúir an Uachtarán. Tá an bheirt seo freagrach as mhaoiniú agus airgead an Chumainn agus is gá don bheirt cloígh le rialacha atá leagaithe síos ag an Ollscoil maidir lena cumainn.

### **Airteagal 20**

Beidh Oifigeach Siamsaíochta ar an gCoiste. Beidh sé/sí freagrach as imeachtaí a eagrú faoi stiúir an Uachtarán.

## **Airteagal 21**

Beidh Oifigeach Caidrimh Phoiblí ar an gCoiste. Beidh sé/sí freagrach as imeachtaí a spreagadh agus poiblíocht a dhéanamh faoi stiúir an Uachtarán. Cruthaíonn siad na póstaer agus cuirtear ar na meáin iad.

## **Airteagal 22**

Beidh Oifigeach Slándála ar an gCoiste. Beidh sé/sí freagrach as rialacha na hOllscoile a fhoghlaim agus cinntiú a dhéanamh go bhfuil an Chuallacht ag comhlíonadh rialacha na hOllscoile agus rialacha Aontas na Mac Léinn Mhá Nuad.

## **Airteagal 23**

Beidh Oifigeach na chéad bhliaina ar an gCoiste. Beidh sé/sí freagrach as imeachtaí a bhaineann leis an gCéad Bhliain ach go hairithe a chur ar siúl. Ní mór dó/dí a bheith sa Chéad Bhliain. Tóghfar Oifigeach na Chéad Bhliana le rúnbhallóid ag Cruinniú ag tús an tearma ina dhiadh lá na gCumainn.

## **Airteagal 24**

Beidh Oifigeach Iar-chéime ar an gCoiste. Beidh sé/sí freagrach as imeachtaí a bhaineann le lucht na hIar-Chéime. Ní mór dó/dí a bheith ag tabhairt aghaidh ar stáidéir Iar Chéime. Tóghfar Oifigeach IarChéime le rúnbhallóid ag Cruinniú ag tús an tearma ina dhiadh lá na gCumainn.

## **Airteagal 25**

Ní bheidh Oifigeach na Gaeilge agus Gnóthaí Cultúrtha in Aontas na Mac Léinn Mhá Nuad ar an gCoiste, ach is féidir leis/léi freastal ar cruinnithe na Cuallachta chun imeachtaí a bhaineann leis an nGaeilge a phlé.

## **Airteagal 26**

I gcás aslaithreachas an Uachtarán, tá an dualgas air/uirthi fear/bean ionad a cheapadh ó Choiste na Cuallachta.

## **Airteagal 27**

Is gá don Choiste cruinniú amháin a eagrú ar a laghad uair amháin sa mhí i rith na bliana.  
Cruinniú Cinn Bhliana

## **Airteagal 28**

Beidh cruinniú cinn bhliana ag an gCumann gach bliain eagraithe ag Rúnaí na Cuallachta.  
Beidh Uachtarán na Cuallachta mar Chathaoirleach ann. Ag an gcruinniú, is gá tuairisc an Rúnaí, tuairisc an Chisteora agus tuairisc an Uachtarán a chur os comhair na mball.

## **Airteagal 29**

Tógfar Uachtarán na Cuallachta, Oifigigh na Cuallachta (seachas Oifigeach na Chéad Bhliana agus Oifigeach Iar Chéime) le rúnbhallóid ag an Chruinniú Cinn Bhliana.

### **Airteagal 30: Cruinniú Ginearálta Éigeandála**

Is féidir Cruinniú Ginearálta Éigeandála chun gnó na Cuallachta a phlé lena baill má tá 25 sínithe scríofa bailithe agus dhá thrían den Choiste i bhfabhar. Is gá fógraíocht phoiblí a thabhairt ar a laghad 7 roimh ré. Rialófar an cruinniú cosúil leis an gCruinniú Cinn Bhliana.

### **Airteagal 31**

Beidh Bonn Uí Ghramhnaigh ann. Bronnfar an gradam seo ar an mball nó an te a rinne an iarracht is mó an Ghaeilge a chur chun cinn i rith na bliana acadúla. Déanfaidh Uachtarán na Cuallachta agus Oifigeach na Gaeilge agus Gnóthaí Cultúrtha an cinneadh seo. Níl cead ag Uachtarán na Cuallachta bonn uí Ghramhnaigh a bhronnadh air/uirthi féin.

### **Airteagal 32**

Is féidir Ballraíocht Shaoil a bhronnadh ar dhuine ar bith a rinne iarracht an Ghaeilge a chur chun cinn. Is gá go mbeadh tacaíocht ó thromlach an Choiste. Bronntar Ballraíochta Saolta ar Oifigigh na Cuallachta ina dhiadh tréimhse ag obair ar an gcoiste.

### **Airteagal 33: An Bunreacht**

Tá an Bunreacht seo i bhfeidhm ó 28 Meán Fómhair 2021 ar aghaidh. Ba chóir téacs an Bhunreachta a chur ar fáil do bhaill an Chumainn má iarrtar cóip.

### **Airteagal 34**

Is féidir leasú don Bhunreacht a mholadh trí 20 sínithe scríofa a bhailiú. Is gá go mbeadh moltóir agus cuiditheoir don rún. Pléifear a leithéid de leasú ag an gCruinniú Cinn Bhliana. Is gá go mbeadh tromlach na mball ag an gCruinniú i bhfabhar leasaithe.